Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 27 Meán Fómhair 2024
(OR. en)

13338/24

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0369(COD)**

CODEC 1793
COMPET 899
AGRI 642
DENLEG 58
SAN 513
FOOD 103

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoracha 1999/2/CE, 2000/14/CE, 2011/24/AE agus 2014/53/AE a mhéid a bhaineann le ceanglais tuairiscithe áirithe i réimsí an bhia agus comhábhar bia, torainn lasmuigh, ceart othar, agus trealaimh raidió (**an chéad léamh**)<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 17 Deireadh Fómhair 2023, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 114 CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 13 Nollaig 2023[2].

3. An 23 Aibreán 2024, ghlac Parlaimint na hEorpa an seasamh uaithi ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún (gan athbhreithniú dlítheangeolaíoch). Tar éis do na dlítheangeolaithe bailchríoch a chur ar an téacs a glacadh, d'fhormheas an Pharlaimint ceartúchán a rinneadh ar an seasamh sin le linn an tseisiúin iomlánaigh a bhí aici ón 16 go dtí an 19 Meán Fómhair 2024. Is léiriú é sin ar an gcomhréiteach ar tháinig na hinstitiúidí air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh sé inghlactha ag an gComhairle[3].

---

1 15890/23.
2 IO C, C/2024/1585, 5.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/1585/oj.
3 13103/24.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 57/24 é, a fhormheas mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

5. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.